II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/83 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Eanáir 2022

a bhaineann le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, is earraí iad ba cheart a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Maidir le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo, ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, is iomchuí a fhoráil go bhféadfaidh an sealbhóir an fhaisnéis sin a agairt fós, go ceann tréimhse áirithe, i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad faoi chuimsiú na hAinmníochta Comhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Eanáir 2022.

Thar ceann an Choimisiúin

Gerassimos THOMAS

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus a Aontais Custaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Earraí arb é atá iontu fabraic chniotáilte leaisteacha fheadánach (snáithíní sintéiseacha in éineacht le snáithe rubair), i bhfoirm lúba a bhfuil trastomhas thart ar 4,5 cm acu agus leithead thart ar 2 cm acu (agus iad leata amach). Déantar na hearraí a chniotáil i bhfoirm fheadánach agus gearrtar iad ag leithead sainithe (réamhchláraithe) (2 cm). I ngeall ar an snáithe rubair atá san fhabraic leaisteach, déantar imill na n-earraí a chornadh, rud a thugann foirm bandaí gruaige do na hearraí, iad réidh le húsáid. (Féach na híomhánna) (*)	6117 80 10	Is le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte, le nótaí 7(b) agus 10 a ghabhann le Roinn XI agus le foclaíocht chóid AC 6117, 6117 80 agus 6117 80 10 a chinntear an t-aicmiú. Táirgtear na hearraí ina riocht chríochnaithe trí fhabraic fheadánach a chniotáil agus í a ghearradh ag leithead sainithe chun lúb leaisteach a fháil, atá réidh le húsáid (féach nóta 7(b) a ghabhann le Roinn XI). Agus an tréith theicstíle atá acu á cur san áireamh, tá na hearraí le meas ina ngabhálais éadaigh ar an gcaoi chéanna le seálta, scaifeanna, maintillí, caillí, carbhait agus carbhait chuachóige rédhéanta, mar shampla. Chomh maith leis sin, i nóta 10 a ghabhann le Roinn XI aicmítear táirgí leaisteacha, arb é atá iontu ábhair theicstíle in éineacht le snáitheanna rubair, sa roinn sin. Cuirtear aicmiú faoi cheannteideal 9615 as an áireamh, toisc go ndéantar earraí atá faoin gceannteideal sin as plaistigh, eabhar, cnámh, adharc, blaosc toirtísí, miotal srl. (féach freisin Nóta míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe a ghabhann le ceannteideal 9615, mír 3, agus Nóta míniúcháin na hAinmníochta Comhcheangailte a ghabhann le ceannteideal 9615). Dá réir sin, tá na hearraí le haicmiú faoi chód AC 6117 80 10 ina ngabhálais rédhéanta, iad cniotáilte nó cróiseáilte, leaisteacha nó rubaraithe.

(*) Is le faisnéis a thabhairt, agus lena aghaidh sin amháin, atá na híomhánna ann.



